



An Bhruiséil, 16 Márta 2026  
(OR. en)

16946/25  
ADD 1

ECOFIN 1762  
FISC 377  
UD 312  
ENV 1403  
CLIMA 607

## NÓTA CLÚDAIGH

---

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	16 Nollaig 2025
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Ábhar:	IARSCRÍBHINNÍ a ghabhann leis an Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir leis an an Rialachán maidir le SCCT a chur i bhfeidhm

---

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 783 iarscríbhinní 1 go 4.

---

Faoi iamh: COM(2025) 783 iarscríbhinní 1 go 4



An Bhruiséil, 16.12.2025  
COM(2025) 783 final

ANNEXES 1 to 4

## IARSCRÍBHINNÍ

*a ghabhann leis an*


**Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle  
maidir leis an an Rialachán maidir le SCCT a chur i bhfeidhm**

## Contents

Iarscríbhinn 1: Feachtas cumarsáide SCCT .....	2
Iarscríbhinn 2: Tacaíocht TAIEX don dícharbónú i dtíortha comharsanachta .....	4
Iarscríbhinn 3: Modheolaíocht agus sonraí breise chun an tionchar ar thríú tíortha a shamhaltú 10	
Iarscríbhinn 4: Sonraí maidir le hallmhairí SCCT .....	17

# Iarscríbhinn 1: Feachtas cumarsáide SCCT

## Fíor 1: Cuspóirí agus gníomhaíochtaí fheachtas cumarsáide SCCT



**Tábla: Líon na rannpháirtithe i seimineáir ghréasáin phoiblí SCCT 2023 agus 2024 a eagraíodh i gcomhthéacs an fheachtas cumarsáide**

Dáta	Seimineár SCCT	gréasáin	An líon rannpháirtithe
15 Meán Fómhair 2023	Stroighin		333
21 Meán Fómhair 2023	Alúmanam		694
26 Meán Fómhair 2023	Leasacháin		471
28 Meán Fómhair 2023	Leictreachas		405
3 Deireadh Fómhair 2023	Hidrigin		302
5 Deireadh Fómhair 2023	Iarann & Cuach		700
10 Deireadh Fómhair 2023	Iarann & Cuach		350

27 Deireadh Fómhair 2023	Clárann SCCT	702
23 Bealtaine 2024	Seisiún eolais ginearálta SCCT i Spáinnis	Níos mó ná 600
19 Meitheamh 2024	Seisiún eolais ginearálta SCCT i mBéarla	Beagnach 4 000

## Iarscríbhinn 2: Tacaíocht TAIEX don dícharbónú i dtíortha comharsanachta

Mar bhunchloch d'iarrachtaí lánpháirtíochta an Aontais, tá ról lárnach ag an Ionstraim um Chúnadh Teicniúil agus um Malartú Faisnéise maidir le **dlús a chur le hailíniú dlíthiúil agus rialála le caighdeáin an Aontais**, creataí rialachais a neartú, agus athchóirithe socheacnamaíocha a chur chun cinn. **Trí leas a bhaint as saineolas na hearnála poiblí ó gach ceann de 27 mBallstát an Aontais**, cothaítear malartuithe idir piaraí, éascaítear comhroinnt dea-chleachtais, agus cothaítear athléimneacht institiúideach, lena n-áirítear go mbeidh tíortha comhpháirtíochta in ann athchóirithe fóinteacha marthanacha a chur chun feidhme.

Príomhchuspóir de chuid TAIEX is ea **dlús a chur le próiseas an Mhéadaithe**, rud a chuideoidh le tíortha is iarrthóirí ailíniú le dlíthe an Aontais agus na hathchóirithe riachtanacha is gá le haghaidh ballraíocht san Aontas a chur chun feidhme, lena n-áirítear i ndúshlán chriticiúla amhail athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide.

Ó tugadh SCCT isteach (Deireadh Fómhair 2023), **seachadadh imeachtaí éileamhbhunaithe maidir le hoiliúint shonrach SCCT, praghsáil carbóin, lorg carbóin, agus córas fíoraithe agus bailíochtaithe gás ceaptha teasa** trí TAIEX don Tuirc, don Mhacadóin Thuaidh, don Éigipt, do Mharacó, don Mholdóiv agus don Asarbaiseáin, mar a leanas:

- ❖ **an Tuirc:** Ceardlann TAIEX maidir leis an Sásra Coigeartaithe Carbóin ar Theorainneacha (SCCT) **An Mhacadóin Thuaidh:** Misean saineolaithe TAIEX maidir le CTA agus réamhrá maidir le praghsáil carbóin: Faireachán, Tuairisciú, Fíorú agus Creidiúnú Fíoraitheoirí na hÉigipte: Ceardlann TAIEX maidir le hOiliúint SCCT
- ❖ **Maracó:** Cuairt Staidéir TAIEX maidir le córas fíoraithe agus bailíochtaithe GCT a bhunú: Misean Saineolaithe GCT agus SCCT agus TAIEX maidir le córas fíoraithe agus bailíochtaithe GCT a bhunú agus maidir le SCCT a thabhairt isteach
- ❖ **an Mholdóiv:** Ceardlann TAIEX maidir leis an Scéim Fritháirithe agus Laghdaithe Carbóin don Eitlíocht Idirnáisiúnta (CORSA)
- ❖ **an Asarbaiseáin:** Misean Saineolaithe TAIEX maidir le fardal astaíochtaí gás ceaptha teasa agus lorg carbóin a bhunú

Thairis sin, tá sraith imeachtaí (misean saineolaithe amháin agus dhá obair ón mbaile) beartaithe chun tacú le **Montainéagró** reachtaíocht thánaisteach MRVA a thrasú agus a chur chun feidhme don dara leath de 2025, rud a chuirfidh le hailíniú Mhontainéagró le acquis an Aontais agus a chomhlíonfaidh tagarmharc deiridh Chaibidil 27. Chomh maith leis sin, tá ceardlann á hullmhú don **Tuirc** maidir le teicneolaíochtaí Gabhála, Úsáide agus Stórála Carbóin chun neodracht carbóin a bhaint amach.

Sa bhreis ar thacaíocht éileamh-bhunaithe, ó mhí Dheireadh Fómhair 2020 go dtí mí Iúil 2024, chuir TAIEX **42 imeacht** ar fáil i gcomhar le tionscadal [TRATOLOW](#) (Aistriú i dtreo geilleagar íseal-astaíochtaí agus aeráid-díonach sna Balcáin Thiar agus sa Tuirc) i réimsí

CTA AE, praghsáil carbóin, pleananna maolaithe agus oiriúnaithe aeráide, faireachán agus táscairí don oiriúnú, agus an t-aistriú fuinnimh. Ar an iomlán, bhí 1.515 rannpháirtí ó thairbhíthe uile TRATOLOW rannpháirteach, agus bhí an tSeirbia ar thús cadhnaíochta (378), agus Montainéagró (239) agus an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin (217) ina dhiaidh sin.

Cuirtear i láthair thíos liosta mionsonraithe de **theagmhais TAIEX a cuireadh chun feidhme** (lena n-áirítear imeachtaí atá dírithe ar an éileamh, imeachtaí straitéiseacha, agus TAIEX-TRATOLOW) i réimse an dícharbónaithe.

## **Cúnamh TAIEX do thíortha IPA**

- **an Tuirc**

- Ceardlann intíre TAIEX TRATOLOW maidir le hOiriúnú, Faireachán agus Meastóireacht TAIEX TRATOLOW Ceardlann intíre ar Thaití maidir le Faireacháin a dhéanamh ar Oiriúnú don Athrú Aeráide: an córas nua ar líne ón Tuirc agus an bealach chun cinn
- Ceardlann réigiúnach TAIEX TRATOLOW maidir le sineirgí agus deiseanna: pleananna Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide Pháirtithe Conarthacha an Chomhphobail Fuinnimh a dhréachtú
- Ceardlann ardleibhéil TAIEX TRATOLOW maidir le cur chuige réigiúnach i leith praghsáil carbóin
- Ceardlann Earnála TAIEX TRATOLOW maidir le húsáid fheidhmchlár gréasáin bhogearraí CRF UNFCCC - uirlis le haghaidh táblaí tuairiscithe a ullmhú
- Ceardlann Réigiúnach TAIEX TRATOLOW maidir le **Praghsáil Carbóin**
- Ceardlann réigiúnach TAIEX TRATOLOW maidir le conairí astaíochtaí ísle agus conairí atá neodrach ó thaobh na haeráide de a fhorbairt
- Ceardlann réigiúnach TAIEX TRATOLOW maidir le córais bunachair sonraí náisiúnta Ghás Ceaptha Teasa
- Ceardlann TAIEX maidir leis an **Sásra Coigeartaithe Carbóin ar Theorainneacha (SCCT)**

- **an tSeirbia**

- Ceardlann náisiúnta TAIEX TRATOLOW chun fíorú CTA a chreidiúnú sa tSeirbia
- Ceardlann intíre TAIEX TRATOLOW maidir le Faireachán agus Táscairí le haghaidh an Timthrialla Beartais um Oiriúnú
- Cuairt Staidéir TAIEX TRATOLOW ar Oilíúint Náisiúnta do shaineolaithe CTA na Seirbia
- Ceardlann intíre TRATOLOW ar Cheanglais Faireacháin agus Tuairiscithe CTA
- Cuairt staidéir TAIEX TRATOLOW do shaineolaithe Seirbiacha ar an Ostair maidir le ‘Measúnú ar iarratais ar cheadanna GCT agus ar phleananna faireacháin’
- Ceardlann intíre TAIEX TRATOLOW d’fhíoraítheoirí CTA AE sa tSeirbia

- Ceardlann réigiúnach TAIEX TRATOLOW maidir le sineirgí agus deiseanna: pleananna Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide Pháirtithe Conarthacha an Chomhphobail Fuinnimh a dhréachtú
- Ceardlann ardleibhéil TAIEX TRATOLOW maidir le cur chuige réigiúnach i leith praghsáil carbóin
- Ceardlann Earnála TAIEX TRATOLOW maidir le húsáid fheidhmchlár gréasáin bhogearraí CRF UNFCCC - uirlis le haghaidh táblaí tuairiscithe a ullmhú
- Ceardlann Réigiúnach TAIEX TRATOLOW maidir le Praghsáil Carbóin
- Ceardlann réigiúnach TAIEX TRATOLOW maidir le conairí astaíochtaí ísle agus conairí atá neodrach ó thaobh na haeráide de a fhorbairt (81711)
- Ceardlann réigiúnach TAIEX TRATOLOW maidir le córais bunachair sonraí náisiúnta Ghás Ceaptha Teasa (80927)

- **an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin**

- TAIEX TRATOLOW & EU4 Energy: Ceardlann maidir le cur chun feidhme CTA le haghaidh na Boisia agus na Heirseagaivéine (85664)
- Ceardlann réigiúnach TAIEX TRATOLOW maidir le sineirgí agus deiseanna: pleananna Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide Pháirtithe Conarthacha an Chomhphobail Fuinnimh a dhréachtú (86154)
- Ceardlann ardleibhéil TAIEX TRATOLOW maidir le cur chuige réigiúnach i leith praghsáil carbóin (83608)
- Ceardlann Earnála TAIEX TRATOLOW maidir le húsáid fheidhmchlár gréasáin bhogearraí CRF UNFCCC - uirlis le haghaidh táblaí tuairiscithe a ullmhú (81744)
- Ceardlann Réigiúnach TAIEX TRATOLOW maidir le Praghsáil Carbóin (82422)
- Ceardlann réigiúnach TAIEX TRATOLOW maidir le conairí astaíochtaí ísle agus conairí atá neodrach ó thaobh na haeráide de a fhorbairt (81711)
- Ceardlann réigiúnach TAIEX TRATOLOW maidir le córais bunachair sonraí náisiúnta Ghás Ceaptha Teasa (80927)

- **an Mhacadóin Thuaidh**

- Obair ón mBaile TAIEX ar chur chun feidhme chuid 3 den Treoir um Uasteorainneacha Astaíochta Náisiúnta (81787)
- Ceardlann intíre ar Rialachas Il-leibhéil Aistriú TAIEX TRATOLOW EU4Energy: ‘Ról na ngníomhaithe áitiúla a neartú i bpleanáil agus i gcur chun feidhme an Aistrithe Fuinnimh, an Mhaolaithe Aeráide agus an Oiriúnaithe ar scálaí éagsúla’ (84364)
- Ceardlann réigiúnach TAIEX TRATOLOW maidir le sineirgí agus deiseanna: pleananna Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide Pháirtithe Conarthacha an Chomhphobail Fuinnimh a dhréachtú
- Ceardlann ardleibhéil TAIEX TRATOLOW maidir le cur chuige réigiúnach i leith praghsáil carbóin
- Ceardlann Earnála TAIEX TRATOLOW maidir le húsáid fheidhmchlár gréasáin bhogearraí CRF UNFCCC - uirlis le haghaidh táblaí tuairiscithe a ullmhú
- Ceardlann Réigiúnach TAIEX TRATOLOW maidir le Praghsáil Carbóin

- Ceardlann réigiúnach TAIEX TRATOLOW maidir le conairí astaíochtaí ísle agus conairí atá neodrach ó thaobh na haeráide de a fhorbairt
- Ceardlann réigiúnach TAIEX TRATOLOW maidir le córais bunachair sonraí náisiúnta Ghás Ceaptha Teasa
- Misean saineolaithe TAIEX maidir le **CTA** agus réamhrá maidir le **praghsáil carbóin**: Faireachán, Tuairisciú, Fíorú agus Creidiúnú Fíoraitheoirí (MRVA)

- **an Albáin**

- Ceardlann intíre ar Rialachas Il-leibhéil Aistriú TAIEX TRATOLOW EU4Energy: ‘Ról na ngníomhaithe áitiúla a neartú i bpleanáil agus i gcur chun feidhme an Aistrithe Fuinnimh, an Mhaolaithe Aeráide agus an Oiriúnaithe ar scálaí éagsúla’
- Ceardlann intíre TAIEX TRATOLOW maidir le Faireachán agus Táscairí le haghaidh an Timthrialla Beartais um Oiriúnú
- Ceardlann réigiúnach TAIEX TRATOLOW maidir le sineirgí agus deiseanna: pleananna Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide Pháirtithe Conarthacha an Chomhphobail Fuinnimh a dhréachtú
- Ceardlann ardleibhéil TAIEX TRATOLOW maidir le cur chuige réigiúnach i leith praghsáil carbóin
- Ceardlann Earnála TAIEX TRATOLOW maidir le húsáid fheidhmchlár gréasáin bhogearraí CRF UNFCCC - uirlis le haghaidh táblaí tuairiscithe a ullmhú
- Ceardlann Réigiúnach TAIEX TRATOLOW maidir le Praghsáil Carbóin
- Ceardlann réigiúnach TAIEX TRATOLOW maidir le conairí astaíochtaí ísle agus conairí atá neodrach ó thaobh na haeráide de a fhorbairt
- Ceardlann réigiúnach TAIEX TRATOLOW maidir le córais bunachair sonraí náisiúnta Ghás Ceaptha Teasa

- **Montainéagró**

- Ceardlann intíre TAIEX TRATOLOW maidir le pleananna oiriúnaithe náisiúnta: ról an fhaireacháin agus na meastóireachta agus tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh maidir le hOiriúnú a chur chun feidhme
- Cuairt Staidéir TAIEX TRATOLOW ar chur chun feidhme Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais Eorpaigh (CTA AE)
- TAIEX TRATOLOW Ceardlann intíre maidir le Faireachán agus Táscairí maidir le hOiriúnú
- Ceardlann réigiúnach TAIEX TRATOLOW maidir le sineirgí agus deiseanna: pleananna Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide Pháirtithe Conarthacha an Chomhphobail Fuinnimh a dhréachtú
- Ceardlann ardleibhéil TAIEX TRATOLOW maidir le cur chuige réigiúnach i leith praghsáil carbóin
- Ceardlann Earnála TAIEX TRATOLOW maidir le húsáid fheidhmchlár gréasáin bhogearraí CRF UNFCCC - uirlis le haghaidh táblaí tuairiscithe a ullmhú
- Ceardlann Réigiúnach TAIEX TRATOLOW maidir le Praghsáil Carbóin

- Ceardlann réigiúnach TAIEX TRATOLOW maidir le conairí astaíochtaí ísle agus conairí atá neodrach ó thaobh na haeráide de a fhorbairt
- Ceardlann réigiúnach TAIEX TRATOLOW maidir le córais bunachair sonraí náisiúnta Ghás Ceaptha Teasa
- **an Chosaiv**
  - Ceardlann intíre TAIEX TRATOLOW maidir le Faireachán agus Athbhreithniú ar Bheartas agus Bearta Oiriúnúcháin (82150)
  - Ceardlann réigiúnach TAIEX TRATOLOW maidir le sineirgí agus deiseanna: pleananna Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide Pháirtithe Conarthacha an Chomhphobail Fuinnimh a dhréachtú (86154)
  - Ceardlann ardleibhéil TAIEX TRATOLOW maidir le cur chuige réigiúnach i leith praghsáil carbóin (83608)
  - Ceardlann Earnála TAIEX TRATOLOW maidir le húsáid fheidhmchlár gréasáin bhogearraí CRF UNFCCC - uirlis le haghaidh táblaí tuairiscithe a ullmhú (81744)
  - Ceardlann Réigiúnach TAIEX TRATOLOW maidir le Praghsáil Carbóin (82422)
  - Ceardlann réigiúnach TAIEX TRATOLOW maidir le conairí astaíochtaí ísle agus conairí atá neodrach ó thaobh na haeráide de a fhorbairt (81711)
  - Ceardlann réigiúnach TAIEX TRATOLOW maidir le córais bunachair sonraí náisiúnta Ghás Ceaptha Teasa (80927)

### **Cúnamh TAIEX do Chomharsanacht an Oirthir**

- **an Mholdóiv**
  - Ceardlann TAIEX maidir leis an Scéim **Fritháirithe** agus Laghdaithe Carbóin don Eitlíocht Idirnáisiúnta (CORSA)
- **an Úcráin**
  - Cuairt Staidéir TAIEX maidir le Tacú le córas éifeachtúil a chruthú agus a fheidhmiú le haghaidh ráthaíochtaí tionscnaimh don leictreachas ó fhoinsí in-athnuaite
- **an Asarbaiseáin**
  - Misean Saineolaithe TAIEX maidir le fardal astaíochtaí gás ceaptha teasa agus **lorg carbóin** a bhunú (84241)

### **Cúnamh TAIEX don Chomharsanacht Theas**

- **Maracó**
  - Cuairt Staidéir TAIEX maidir le córas fíoraithe agus bailíochtaithe GCT a bhunú: **GCT agus SCCT**
  - Misean Saineolaithe TAIEX maidir le córas fíoraithe agus bailíochtaithe GCT a bhunú agus maidir le **SCCT a thabhairt isteach**
- **an Éigipt**

- Ceardlann TAIEX maidir le **hOiliúint SCCT**

## Iarscríbhinn 3: Modheolaíocht agus sonraí breise chun an tionchar ar thríú tíortha a shamhaltú

### Modheolaíocht

#### Samhail JRC-GEM-E3

Is samhail athchúrsach de chothromaíocht ghinearálta inríofa (CGE) é JRC-GEM-E3 agus dá réir sin cuirtear san áireamh ann idirghníomhaíochtaí idir margaí éagsúla (e.g. trádáil idirnáisiúnta, margaí tosca, margadh carbóin chóras trádála astaíochtaí an Aontais). Is uirlis iad samhla CGE a úsáidtear go coitianta chun measúnú a dhéanamh ar thionchair ó athruithe ar bheartais chomhshaoil nó trádála agus is uirlis chaighdeánach anois iad chun measúnú a dhéanamh ar thionchair ó choigeartuithe teorann carbóin, lena n-áirítear SCCT an Aontais<sup>1</sup>. Ós rud é gur samhail dhomhanda é, cumhdaíonn sé an tAontas in éineacht le tíortha móra eile nó réigiúin dhomhanda eile, lena n-áirítear ionadaíocht shainráite ar na tíortha is lú forbairt (TLFanna), arna liostú ag na Náisiúin Aontaithe mar thíortha a bhfuil na táscairí is ísle acu maidir le forbairt shocheacnamaíoch. Le dí-chomhiomlánú earnála mionsonraithe ar ghníomhaíochtaí fuinnimh (ó eastóscadh go táirgeadh go hearnálacha dáileacháin) agus ar thionscail dianfhuinnimh, chomh maith le sásraí inghiniúla chun srianta astaíochtaí carbóin a chomhlíonadh, baineadh úsáid fhorleathan as JRC-GEM-E3 chun anailís eacnamaíoch a dhéanamh ar thionchair an bheartais aeráide agus fuinnimh<sup>2</sup>.

Tá 35 earnáil táirgthe sa tsamhail, ina nglactar leis go n-íoslaghdaíonn gnólachtaí costais faoi réir feidhmeanna táirgthe leaisteachas tairiseach ionadaíochta (CES). Tá earnálacha idirnasctha trí earraí agus seirbhísí a sholáthar mar ionchuir táirgthe idirmheánacha d'earnálacha eile. Is leis na teaghlaigh na tosca táirgthe (saothar agus caipiteal oilte agus neamhoilte) agus dá bhrí sin faigheann siad ioncam, a leithdháileann siad chun fóntas a uasmhéadú trí thomhaltas. Meastar go bhfuil an rialtas eisiginiúil, cé go gceadaítear sreafaí trádála déthaobhacha idir tíortha agus réigiúin trí úsáid a bhaint as foirmlíú trádála Armington i gcás inar ionadaigh neamhfoirfe iad earraí ó thíortha éagsúla. I eatraimh 5 bliana, baintear cothromaíocht amach i margaí earraí agus seirbhísí agus i margaí fachtóirí trí choigeartuithe praghaís.

Foinsí na bpríomhionchur sonraí:

- Bunachar sonraí an gheilleagair chiorclaigh GTAP 11<sup>3</sup> (bonnbhliain 2017) ina bhfuil táblaí ionchuir-aschuir, cuntais náisiúnta, idirbhearta institiúideacha, trádáil dhéthaobhach, cánacha agus taraifí.
- Maitrís tomhaltais chun tomhaltas teaghlaigh a nascadh de réir cuspóra le haschur na n-earnálacha tionsclaíocha.
- Réamh-mheastacháin fuinnimh agus astaíochtaí arna ndíorthú ó shamhail POLES-JRC

<sup>1</sup> Böhringer, C., Fischer, C., Rosendahl, K.E. *et al.* Na tionchair agus na dúshláin a d'fhéadfadh a bheith ag coigeartuithe carbóin teorann. *Nat. Clim. Chang.* **12**, 22–29 (2022). <https://doi.org/10.1038/s41558-021-01250-z>

<sup>2</sup> <https://ec.europa.eu/jrc/en/gem-e3/model>

<sup>3</sup> Chepeliev (2025). Bunachar Sonraí an Gheilleagair Chiorclaigh an Tionscadail Anailíse Trádála Domhanda. [https://www.gtap.agecon.purdue.edu/events/GTAPVSS/v6n2-2025/GTAPVSS\\_v6n2.pdf](https://www.gtap.agecon.purdue.edu/events/GTAPVSS/v6n2-2025/GTAPVSS_v6n2.pdf). Féach freisin Chepeliev et al. (2026). Éilíonn Aistriú na Geilleagair Chiorclaigh san Eoraip Beartais Uaillmhianacha Thar Maolú Aeráide. *Acmhainní, Caomhnú agus Athchúrsáil* 225: 108591. <https://doi.org/10.1016/j.resconrec.2025.108591>

### **Coigeartuithe ar shamhail JRC-GEM-E3**

Chun an éifeacht ar roinnt earnálacha tábhachtacha a gcuirtear SCCT i bhfeidhm ina leith a ghabháil, cuireadh feabhas ar ghráinneacht earnála shamhail JRC-GEM-E3 chun críocha na hanailíse samhaltaithe trí úsáid a bhaint as bunachar sonraí nua GTAP 11 an Gheilleagair Chiorclaigh, lena léirítear go sainráite earnálacha atá faoi réir SCCT an Aontais. Leis an gcleachtadh sin, bhíothas in ann na nithe seo a leanas a áireamh go sainráite i mbunachar sonraí foluiteach na samhla:

- alúmanam
- stroighin
- leasacháin
- iarann agus cruach.

I gcomparáid le bunachar sonraí caighdeánach GTAP 11, déanann bunachar sonraí GTAP 11 an Gheilleagair Chiorclaigh earnálacha alúmanaim, leasachán agus stroighne a dheighilt ó na hearnálacha miotal neamhfheiriúil, ceimiceán agus mianraí neamh-mhiotalacha níos comhiomláine, faoi seach. Baineann an tacar sonraí seo leas as roinnt foinsí lena n-áirítear staidreamh trádála agus fuinnimh agus, ar an gcaoi sin, gabhann sé difríochtaí i struchtúr ionchuir na n-earnálacha sin chomh maith le difríochtaí i ndéine na trádála.

#### **An cás bonnlíne**

Is cás é an cás bunlíne a leanann na beartais agus na treochtaí atá ann faoi láthair, ach gan SCCT mar atá reachtaithe faoi láthair. Áirítear sa chás sin cur chun feidhme an phacáiste ‘Oiriúnach do 55’ san Aontas. Glactar leis go leanfaidh an chuid eile den domhan cás beartais atá ann faoi láthair a eascraíonn as Ionchas Domhanda Fuinnimh agus Aeráide 2024<sup>4</sup>. Glactar leis sa chás sin go leanann tríú tíortha beartais atá ann cheana, ach ní gá go mbainfeadh siad amach a Rannchuidithe arna gCinneadh go Náisiúnta (RCNanna) faoi Chomhaontú Pháras mura bhfuil beartais shonracha mar thaca leis na spriocanna sin. Glactar leis go bhfuil SCCT agus beartas aeráide de dhéine chomhionann i bhfeidhm ag an Ríocht Aontaithe agus ag tíortha CSTE agus atá ag an Aontas, e.g. praghas carbóin a íoctar i ndáiríre atá comhionann leis na praghsanna in CTA AE, dá bhrí sin níl aon íocaíocht SCCT ó na tíortha sin leis an Aontas, agus glactar leis go bhfuil SCCT roimh thríú tíortha agus iad ag onnmhairiú chuig an Ríocht Aontaithe agus chuig CSTE.

#### **Príomhchás beartais: céimniú isteach SCCT agus céimniú amach lamháltais saor in aisce CTA**

Samhlaítear SCCT leis an gcás mar a ritheadh é faoi láthair. Áirítear astaíochtaí indíreacha ó úsáid leictreachais i ríomh íocaíochtaí SCCT le haghaidh leasachán agus stroighne. Glactar leis nach mbaineann na beartais aeráide atá ann cheana i dtríú tíortha (seachas sa Ríocht Aontaithe agus sa CSTE) úsáid as praghsanna carbóin a íoctar i ndáiríre agus, dá bhrí sin, nach n-asbhaintear ó íocaíochtaí SCCT iad. Is toimhde coimeádach é sin toisc go mbeadh tionchair níos lú ar shreafaí trádála mar fhreagairt ar thabhairt isteach SCCT mar thoradh ar asbhaintí den sórt sin.

Cumhdaítear cheana féin leis an rialachán SCCT atá ann faoi láthair roinnt táirgí atá lasmuigh de bhunearnálacha SCCT in aicmiú earnála shamhail JRC-GEM-E3. Baineann sé sin le sciar

---

<sup>4</sup> Keramidas, K., Fosse, F., Aycart Lazo, F.J., Dowling, P., Garaffa, R., Ordonez, J., Petrovic, S., Russ, P., Schade, B., Schmitz, A., Soria Ramirez, A., van Der Vorst, C. agus Weitzel, M., Forbhreathnú Domhanda ar Fhuinneamh agus ar Aeráide 2024, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg, 2025, [https://data.europa.eu/doi/10.2760/9028706\\_JRC139986](https://data.europa.eu/doi/10.2760/9028706_JRC139986).

beag táirgí faoi earnáil na n-earraí trealaimh eile. Léirítear é sin i gcás SCCT toisc go dtoibhítear SCCT ar sciar d'allmhairí an Aontais san earnáil sin bunaithe ar na hastaíochtaí réamhtheachtacha ó mhonarú miotal feiriúil agus alúmanaim a úsáidtear mar ionchur idirmheánach san earnáil sin.

Ní dhéantar tabhairt isteach SCCT ina aonar agus, dá bhrí sin, ní mór anailís a dhéanamh air i gcomhpháirt le deireadh a chur de réir a chéile le lamháltais saor in aisce in earnálacha SCCT san Aontas. Léiríonn sé sin an t-aistriú ó bheart frithsceite amháin (saorlamháltais) go beart eile (CBAM). Leanann an chonair céimnithe amach an chonair mar atá reachtaithe faoi láthair.

### **Athróga, earnálacha agus réigiúin i samhail JRC-GEM-E3**

Déantar roinnt athróg a mheas sa tsamhail. Le haghaidh na hanailíse sin, déantar measúnú ar mhacra-thionchair chomh maith leis na táscairí seo a leanas ar leibhéal na hearnála: aschur, allmhairí, onnmhairiú, CO<sub>2</sub> agus astaíochtaí GCT foriomlána. Liostaítear na hearnálacha a bhfuil ionadaíocht acu in JRC-GEM-E3 in Table 4.

#### **Tábla 4: Earnálacha i samhail JRC-GEM-E3**

Earnálacha i samhail JRC-GEM-E3	Teicneolaíochtaí giniúna cumhachta arna samhaltú mar earnálacha i samhail JRC-GEM-E3
<b>Miotail fheiriúla</b>	Gualbhreoslaithe
<b>Stroighin</b>	Olabhreoslaithe
<b>Leasachán</b>	Gásdóiteacha
<b>Alúmanam</b>	Núicléach
<i>Earraí trealaimh eile</i>	Bithmhais
Trealamh iompair	Hidrea
Táirgí leictreonacha agus trealamh leictreach	Gaoth
Gual	Grian
Amhola	
Ola	
Gás	
Soláthar leictreachais	
Miotail neamhfheiriúla	
Táirgí ceimiceacha	
Plaistigh	
Táirgí páipéir	
Mianraí neamh-mhiotalacha	
Tionscail earraí tomhaltais	
Tógáil	
Iompar (aer)	
Iompar (ar tír)	
Iompar (uisce)	
Seirbhísí margaidh	
Seirbhísí neamh-mhargaidh	
Barraí	

Beostoc

Foraoiseacht



*Tabhair faoi deara: Meastar gur eárnálacha maithe bunúsacha iad eárnálacha i gcló trom agus tá siad faoi réir SCCT. Tá cuid d'earnáil na nEarraí Trealamh Eile (i gcló iodálach) cumhdaithe cheana féin faoin Rialachán SCCT atá ann faoi láthair.*

Déanann bunachar sonraí GTAP 11 an Gheilleagair Chiorclaigh ionadaíocht shainráite ar 141 réigiún. Déanann an tsamhail iad a chomhiomlánú i 50 réigiún nó tír, lena n-áirítear roinnt tíortha is lú forbairt agus an tAontas mar réigiún aonair, mar a thuairiscítear i dTábla 5 thíos. Léirítear sa tábla freisin cé na tíortha atá san áireamh sna trí mhór-chomhiomlánú tíortha (TLFanna, geilleagair eile atá i mbéal forbartha agus geilleagair eile atá ag teacht chun cinn, tíortha comharsanachta) a thuairiscítear sa phríomhthéacs.

**Tábla 5: Réigiúin i samhaltú JRC-GEM-E3**

<b>TLFanna</b>	
Beinin	Ruanda
Buircíne Fasó	an tSeineagáil
an Bhanglaidéis	Tóga
an Aetóip	an Tansáin
an Chambóid	Uganda
Madagascar	an tSaimbia
Mósaimbíc	An chuid eile de TLFanna na hAfraice
an Mhaláiv	An chuid eile de TLFanna na hÁise
Neipeal	
<b>Tíortha eile i mbéal forbartha agus geilleagair eile atá ag teacht chun cinn</b>	
Gána	Vítneam
an Indinéis	an tSiombáib
an Mhalaeisia	an Afraic Theas
Camarún	An chuid eile den Afraic
an Téalainn	An chuid eile de Chríocha Mheiriceá
Oileán na Tríonóide agus Tobága	An chuid eile den Áise agus den Aigéan Ciúin
An Áise Láir	an Bhrasaíl
an India	an Tuirc
<b>Tíortha comharsanachta an Aontais</b>	
Maracó	an Iordáin
an Túinéis	an Úcráin
an Ailgéir	Cugas
an Éigipt	
<b>Réigiúin eile</b>	
AE 27	STÁIT AONTAITHE MHEIRICEÁ
	An chuid eile den Mheánoirthear agus den Afraic Thuaidh
Réigiún CSTE	Ardioncam an Aigéin Chiúin agus na hÁise agus eile
an Ríocht Aontaithe	
Ceanada	An Rúis agus an Bhealarúis
an tSín	An chuid eile den Eoraip

## Samhaltú déine astaíochtaí agus anailís íogaireachta

I gcásanna áirithe, ní bhíonn tríú tíortha onnmhairiúcháin ag gabháil ach do tháirgeadh agus d'onnmhairiú fospáis chúng de na táirgí a chumhdaítear in earnáil níos leithne SCCT mar a léirítear i mbunachar sonraí GTAP. Bíonn tionchar aige sin ar dhéine na n-astaíochtaí atá mar bhonn chun íocaíocht SCCT ag an teorainn a ríomh agus iad ag onnmhairiú chuig an Aontas. I samhlacha CGE bunaithe ar GTAP, sloinntear an déine astaíochtaí in kg CO<sub>2</sub>-eq/US\$, seachas i ndéine fhisiceacha (kg CO<sub>2</sub>-eq/tona aschuir). Mura bhfuil mórán breisluacha sna honnmhairí, fágann sé sin go bhfuil déine níos airde ann i gcomparáid le táirgí a bhfuil na dearbhastaíochtaí céanna acu, ach breisluach níos airde. Sna cásanna sin, d'fhéadfadh déine astaíochtaí na n-onnmhairsí a bheith ard i gcomparáid leis an Aontas agus comparáid á déanamh idir an earnáil níos leithne mar a léirítear in GTAP, d'ainneoin déine fhisiciúil astaíochtaí a bheith ann atá cosúil leis an déine san Aontas ar bhonn táirge ar tháirge. Tugann sé sin le tuiscint, i samhlacha CGE, go bhfeicfeadh na tíortha sin déine astaíochtaí réasúnta ard agus, dá bhrí sin, méadú mór ar phraghsanna agus laghdú mór ar onnmhairí chuig an Aontas faoi SCCT, d'ainneoin déine astaíochtaí a bheith acu atá cosúil leis an Aontas ar bhonn táirge.

Mar shampla, ós rud é go n-onnmhairíonn Mósaimbíc alúmanam neamhshaoirsithe den chuid is mó le breisluach réasúnta íseal don Aontas, tá déine na n-astaíochtaí a úsáidtear i samhail CGE don earnáil sin sách ard dá bhrí sin nuair a shloinntear í in kg CO<sub>2</sub>-eq/US\$. Mar sin féin, tá astaíochtaí fisiceacha i Mósaimbíc sách íseal i gcomparáid le táirgeoirí alúmanaim neamhshaoirsithe eile i dtríú tíortha, agus dá bhrí sin is dócha go ndéantar áibhéil sa tsamhail faoin tionchar diúltach ar earnáil alúmanaim Mhósaimbíc. Úsáidtear cur chuige malartach chun an tionchar ar Mhósaimbíc a chinneadh le samhail JRC-GEM-E3. Tá an cur chuige sin bunaithe ar ráta SCCT intuigthe arna ríomh bunaithe ar dhéine na n-astaíochtaí fisiceacha (kg CO<sub>2</sub>-eq/tona aschuir) i gcoibhneas leis an Aontas seachas ar dhéine chaighdeánach astaíochtaí GTAP (kg CO<sub>2</sub>-eq/US\$). Leis an gcur chuige sin, úsáidtear déine na n-astaíochtaí fisiceacha ó thuarascáil JRC<sup>5</sup> agus ríomhtar déine na n-astaíochtaí ualaithe le haghaidh earnálacha GTAP trí úsáid a bhaint as staidreamh trádála a bhí ann le déanaí ó COMEXT (le haghaidh 2023). Bheadh costais bhreise níos airde ar thíortha a bhfuil déine astaíochtaí fisiciúla níos airde acu ná mar atá san Aontas. I gcás Mhósaimbíc, tá déine astaíochtaí fisiceacha alúmanaim atá ualaithe ó thaobh trádála de 1,04 oiread níos mó ná déine astaíochtaí an Aontais. Chiallódh sé sin go ndéanfaí méadú 1 % ar phraghsanna san Aontas (ó dheireadh a chur de réir a chéile le lamháltais saor in aisce CTA) a aistriú sa tsamhail mar mhéadú 1,04 % ar phraghsanna d'allmhairí alúmanaim an Aontais ó Mhósaimbíc faoi SCCT.

Cé gur dócha gur fearr a léirítear staid Mhósaimbíc leis an gcur chuige malartach sin, ní beart foirfe é sin ach oiread. Mar shampla, glactar leis go bhfuil aon difríochtaí cáilíochta laistigh de ghrúpaí táirgí a thabharfadh údar le praghas níos airde (in éagmais costais charbóin) san Aontas. Thabharfadh corrlach den sórt sin le tuiscint go bhfuil an t-athrú coibhneasta ar an bpraghas ó dheireadh a chur de réir a chéile le lamháltais saor in aisce níos ísle san Aontas i

---

<sup>5</sup> Vidovic, D., Marmier, A., Zore, L. agus Moya, J., Déiní astaíochtaí gás ceaptha teasa na dtionscal cruach, leasachán, alúmanaim agus stroighne san Aontas agus a phríomh-chomhpháirtithe trádála, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg, 2023, doi:10.2760/359533, JRC134682.

gcomparáid le hallmhairí ar cháilíocht níos ísle gan corrlach cáilíochta. Dá bhrí sin, ní úsáidtear an cur chuige malartach sin le haghaidh gach tríú tír.

